

## Ábhar Bhailiúchán na Scol ó Chontae Thiobraid Árann ar [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie) anois

Is féidir béaloideas agus stair áitiúil ó Chontae Thiobraid Árann a léamh ar [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie) anois.

Ábhar béaloidis a thaifead daltaí scoile idir 1937 agus 1939 is ea Bailiúchán na Scol, cuid thábhachtach de Chnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD. Tá breis agus leathmhilliún leathanach i gceist, a thaifead tuairim is 50,000 dalta bunscoile sna 26 chontae.

Tá ábhar béaloidis as Bailiúchán na Scol á fhoilsiú ar [duchas.ie](http://www.duchas.ie) ó dheireadh 2013 agus is í aidhm an tionscadail go mbeidh imleabhair uile Bhailiúchán na Scol ar fáil ar líne faoi dheireadh 2016. Tá ábhar ó na contaetha seo a leanas: Baile Átha Cliath, Maigh Eo, Dún na nGall, Port Láirge, Gaillimh, Liatroim, Cill Dara, Ciarraí, Sligeach, Luimneach, Muineachán, Laois, Cill Chainnigh agus Lú ar fáil ar an suíomh cheana. Is toradh é [duchas.ie](http://www.duchas.ie) ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD), Fiontar (DCU) agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Cuirfidh Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim sa suíomh seo. Is áis iontach é [duchas.ie](http://www.duchas.ie) do thaighdeoirí a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach faoi láthair de réir áiteanna agus de réir daoine; seolfar cuardach de réir topaicí i mbliana.

Ghlac breis agus 200 scoil páirt sa scéim i gContae Thiobraid Árann agus tiomsaíodh 55 imleabhar d'ábhar béaloidis.

Dúirt an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh, TD, 'Is céim thábhachtach eile í seo sa tionscadal nuálach seo a chuirfidh ábhar úr maidir le saol traidisiúnta na hÉireann sna blianta a chuaigh thart ar fáil don phobal i gcoitinne. Cuirfidh an t-ábhar nua seo ar chumas an taighdeora agus go leor daoine eile an difríocht a fheiceáil idir saol an lae inniu agus an saol mar a bhíodh, breis agus 80 bliain ó shin.'

Tá [duchas.ie](http://www.duchas.ie) á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in DCU, agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.


Tá ról comhairleach ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) in obair [duchas.ie](http://www.duchas.ie) maidir le caighdeán agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach.

### CRÍOCH

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan

[clare.coughlan@dcu.ie](mailto:clare.coughlan@dcu.ie)

(01) 700 6577



*An Roinn  
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta  
Department of  
Arts, Heritage and the Gaeltacht*



Nóta d’eagarthóirí:

### Ábhar Chontae Thiobraid Árann

Tá clú agus cáil ar Chontae Thiobraid Árann mar gheall ar an iománaíocht agus luaitear bunú Chumann Lúthchleas Gael i nDurlas agus bunús na leasainmneacha *Tipperary Stonethrowers* agus *Kilkenny Cats* sa scéal [seo](#).

Tá neart scéalta deasa le léamh freisin maidir le logainmneacha an chontae. An raibh a fhios agat go raibh bunús rómánsúil ag Sliabh na mBan?! Léigh an scéal [anseo](#). Tá [amhrán](#) faoi Shliabh na mBan freisin agus cantar é ag cluichí spóirt sa chontae. Liostáiltear ainmneacha na nGaibhlte [anseo](#). Léigh scéal [anseo](#) faoi Chnoc Sí Ghabhna. Tá scéal faoin láthair stairiúil íocónach, Carraig Phádraig [anseo](#) agus faoi Bhearnán Éile [anseo](#), féach go bhfuil ceangal idir bunús an dá logainm de réir na scéalta seo.

Is léir gur thaitin tomhais le daltaí Chontae Thiobraid Árann mar tá neart le réiteach, mar shampla: Droichead ar loch gan maide gan cloch? Tá an freagra le fáil [anseo](#).

Tá cuid mhór scéalta a bhaineann le cistí óir a cuireadh i bhfolach in áiteanna éagsúla: ‘*Seo cuid de sna háiteanna ina raibh Cistí Óir i bhfolach, Gooley’s Hill, nó “Cnoc an Óir”*’, léigh an chuid eile den scéal [anseo](#).

Is léir go raibh an-spéis ag na Tiobradaigh san aimsir, cosúil le muintir na hÉireann i gcoitinne, mar tá neart [scéalta](#) ann faoin aimsir. Luaitear [galair](#), [leigheasanna](#) agus [luibheanna](#) i roinnt de na scéalta.

Chreideadh a lán daoine sna sióga fadó agus tá a lán scéalta fúthu sa bhailiúchán ar nós an scéil seo dar teideal ‘[Taken by the Fairies](#)’.

Tá míthuiscint ghreannmhar idir an Ghaeilge agus an Béarla le fáil ag deireadh an scéil [seo](#) faoi tháilliúir – an leagan Gaeilge den fhocal *troid* agus an leagan Béarla den fhocal ‘thread’. Tá liostaí spéisiúla de na focail Ghaeilge a úsáidtear sa Bhéarla i scéalta áirithe, mar shampla:

*Bogán – an egg with a soft shell*  
*Dúidín – a pipe with a short stem*  
*Taoibhín – patch on a boot*

Tuilleadh [anseo](#).

Tá cuid de Mhachaire na Mumhan suite i gContae Thiobraid Árann agus ní nach ionadh go mbaineann a lán scéalta leis an bhfeirmeoireacht, mar shampla an scéal [seo](#) maidir le huirlisí a úsáideadh ar an bhfeirm.

Tá neart scéalta faoi nósanna i measc na scéalta a scríobh daltaí Chontae Thiobraid Árann, nósanna bainise ach go háirithe, [mar shampla](#):

*Married in blue your lover will be true,*  
*Married in green ashamed to be seen,*  
*Married in grey will live far away,*  
*Married in yellow ashamed of the fellow,*  
*Married in black will wish yourself back,*  
*Married in red you wish you were dead,*  
*Married in brown will live out of town,*  
*Married in pink will turn to drink.*

Níl anseo ach blaiseadh beag de na scéalta atá le léamh, tá an t-ábhar ar fad ar fáil ag [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie).